

1882-1982 Beathaisnéis: Fiontar Taighde

DIARMUID BREATHNACH AGUS MÁIRE NÍ MHURCHÚ

Breis is tríocha bliain ó shin bhí an bheirt againn ag gabháil d'obair chartlainne i Radio Telefís Éireann i Sráid Anraí. Bhí drochchaoi le fada ar an bhfoilsitheoireacht Éireannach, agus bheadh go ceann píosa mhaith eile. Ní raibh aon fhoclóir den bheathaisnéis Éireannach i gcló. I 1928 a foilsíodh *A Concise Dictionary of Irish Biography*, le John S. Crone, an t-aon cheann amháin sa 20ú haois go nuige sin. Agus cuimhnigh nárbh ann go fóill d'ollsaothar innéacsála Richard Hayes. Níl sé deacair a shamhlú go mbíodh an leabharlannaí craolacháin go háirithe ar a dhícheall ag iarraidh teacht timpeall ar an nganntanas eolais seo. Bíonn bonn pearsanta leis an gcuid is mó ar fad de na fiosrúcháin a dhéanann craoltóirí. Ba theirce fós an t-eolas a bhí le fáil gan dua ar mhuintir na Gaeilge. Liostaigh Muiris Ó Droighneáin tuairim 140 in *Taighde i gcomhair Stair Litridheachta na Nua-Ghaedhilge* (1936), ach is beag eolas cruinn pearsanta atá sna cuntais sin, dá chuntaí iad ag an am. Ceann de na bailiúcháin ba shaibhre sa chartlann san am sin, bhain sé le Gaeilgeoirí agus leis an nGaeltacht. Chun aird a dhíriú ar a raibh ann is ea a chuirimis timpeall féilire míosúil: dátaí breithe, báis, eachtraí agus eile. Chuige sin ba ghá dúinn taighde a dhéanamh ar bheathaí agus is dá bharr sin a thuigeamar a ghéire a bhí beathaisnéis náisiúnta a dhíth.

Faoi 1977 bhí Máire ina Leabharlannaí Cúnta ag Caitlín Ní Bhriain i Leabharlann Tagartha RTÉ, agus bhí Diarmuid ina Phríomhleabharlannaí. Bhí iarracht ar leith déanta againn freastal a dhéanamh ar chlár Ghaeilge RTÉ agus ar chlár Raidió na Gaeltachta. agus b'fhéidir a mhaíomh go raibh cáil na Gaeilge ar an Leabharlann Tagartha ag an am. Club ab ea í ag Gaeilgeoirí an stáisiúin ar feadh breis agus deich mbliana. Ag an Leabharlann go príomha, dála an scéil, a bhí cúram na 'reilige', ábhar scríofa ar phearsana na tíre ar a mbunófaí 'obits', agus i mbun na hoibre sin dúinn thugaimis aird ar leith ar Ghaeilgeoirí. Tuairim 1979 bhí Acadamh Ríoga na hÉireann tar éis tosú ar phleanáil le haghaidh beathaisnéise náisiúnta. Chuireamar spéis sa scéal agus bheartaigh an triúr againn eolas a sholáthar ar Ghaeilgeoirí. Beagnach céad bliain go ham sin, in 1882, a bunaíodh *Irisleabhar na Gaedhilge* agus b'in é a shocraigh ár n-aighe ar an tréimhse 1882-1982 a

roghnú. Thabharfadh sé deis do lucht an Acadaimh breithiúnas a dhéanamh ar scata mór Gaeilgeoirí, an dtabharfaí bheith istigh dóibh nó nach dtabharfaí. Agus maidir linn féin, bheadh an saothar ina bhuanchumhneachán ar an aoibhneas a bhaineamar as gnóthaí Gaeilge na Leabharlainne Tagartha. Phós Caitlín go luath ina dhiaidh sin, d'fhág RTÉ, agus chuaigh chun cónaithe i Maigh Eo. Máire a tháinig i gcomharbacht uirthi.

Chreid an bheirt againn nach ndéanfaí an obair seo mura ndéanfaimis é. Tar éis an tsaoil fágadh gan déanamh é ar feadh na scórtha bliain. Dar linn freisin go raibh práinn leis an obair, gur geall le hobair an bhéaloidis a bhailiú go pointe áirithe é; bhí daoine eolacha agus gaolta ag fáil bháis agus an t-eolas a bhí acu á chur i gcré. Fiú an eolais atá i gcló, cá bhfios nach gcaillfí é. In *Féilire na Gaedhulge 1906* a d'aimsíomar an blúire úd a bhí mar eochair againn chun rún beatha James Cogan, duine de bhunaitheoirí Chonradh na Gaeilge, a scaoileadh. Ann amháin a bhí tagairt dó a bheith i gColáiste Cholmátn, Mainistir Fhear Maí. Scríobhamar chuig an uachtarán agus dúirt sé linn gurbh as Teach Srafán, Co. Chill Dara, don Chógánach. An logainm sin a dheimhnigh gurbh iad na teastais beireatais agus pósta chearta a bheadh againn. Ní raibh fáil ach ar an aon chóip amháin den fhéilire sin i leabharlanna na hÉireann. Ach nuair a shíleamar féachaint uirthi arís níorbh fhéidir í a aimsiú.

An pointe creidimh sin, gach rud a bheith ag brath orainne, agus gan amhras an tábhacht a chuirimid leis an mbeathaisnéis náisiúnta, ba iad ba mhó a bhí dár dtiomáint chun oibre. Má tá iomarca den fhéinmheas le brath ar an méid sin, níl de fhreagra againn ach go bhfuil gá le creideamh láidir dá shórt ag an téisclimí uailmhianach. Is de bharr a mhíchéataí a d'éirimis le leabhair thagartha nár bacadh iontu le dátaí báis agus breithe, nach dtabharfadh ach *floruit*, a chaithfimisne caighdeán ard cinnteachta a bheith againn maidir le dátaí. Baineann tábhacht go háirithe le dáta an bháis. Is geall le huimhir leathanaigh in innéacs é. Go minic is tríd amháin atá teacht ar eolas bunúsach: seoladh, gaolta, an reilig ina bhfuil muintir an duine seo curtha, agus b'fhéidir, cuntais ar a shaol is a phearsantacht.

Go luath i stair an tsaothair bheartaíomar dícheall a dhéanamh chun nár rud tur a bheadh ann ach saothar a léifí, go mbainfí preab anois is arís as daoine – go mbeadh sé chomh hiontasúil le beathaí na naomh sa tseanaimsir! Ní fhágfaimis léitheoirí in amhras i dtaobh a bháula a bhíomar le pearsana na hathbheochana, ach ag an am céanna sheachnóimis an tseanmóireacht. Rud nach seachnóimis ba ea na faithní: d'fháilteois roimh dhúnmharfóirí, roimh striapaigh – idir fhir is mhná – agus roimh ghadaithe, bhacaigh, aindúiligh

drugaí... Mo léan, in ainneoin ár ndí-chill níor éirigh linn a leithéidí a aimsiú. Tá an corrspiaire againn, an t-alcólach fánach, agus, anseo is ansiúd, an té a d'iompaigh a chóta.

Ag pointe éigin, tuairim 1982, labhraíomar le Tomás de Bhaldráithe. Ba mhínic a rith sé leis féin, beannacht Dé lena anam, go bhfóinfeadh foclóir de scríbhneoirí na Gaeilge do léitheoirí. Thug sé misneach dúinn. Bheadh spéis ag an gClóchomhar sa saothar. Cé gur i 1980 a thosaíomar ag taighde, faoi 1984 ní raibh scríofa againn ach tuairim 75 iontráil. Ag Scoil Samhraidh Mherriman na bliana sin sa Leacht a thugamar do Thomás iad. Bhí beagán eolais bailithe againn ag an am sin ar 300, b'fhéidir, ach de réir mar a bhíomar ag treabhadh linn is ea a bhíomar ag teacht chun tuisciana ar a dheacracht a bhí sé a mheas cén tábhacht a bhain leis na daoine go léir a raibh a n-ainmneacha le feiscint go mínic sna seanirisí. I bhfocail eile, cén fáth a roghnóimis an duine áirithe seo nárbh eol tuú a ainm do lucht an eolais inniu? Is cumhín linn beirt nó tríúr, a bhí níos eolasaí go mór ná sinne ar stair na gluaiseachta, nár chuala trácht ar Phádraig Ó Broilcháin, mar shampla, cé gurbh é ba mhó faoi deara na coláistí ullmhúcháin. Bheartaíomar go háirithe cloch a chur i leacht na ndaoine a rinne éacht ach a raibh sin ligthe i ndearmad. Tá fianaise go leor ann ar a fhabhtaí riamh, ó thús gus an lá inniu, atá cuimhne lucht na Gaeilge agus mhuintir na hÉireann i gcoitinne.

Chuireamar romhainn freisin a fháil amach i gcás gach duine cérbh é féin, sa mhéid go mbeadh ainmneacha agus sloinnte a thuismitheoirí againn, agus slí bheatha an athar. B'eol dúinn go raibh tuairim láidir ag staraíthe áirithe go raibh gá le suirbhé cuimsitheach ar phearsana ghluaiseachtaí na tréimhse 1893-1923. Bhí tuairimí nochtaithe cheana féin i dtaobh cén aicme iad lucht na hathbheochana, cén t-oidreachas a bhí orthu, gurbh as Cúige Mumhan agus as Corcaigh go háirithe a bhformhór. Is de réir a chéile a d'fhás an creideamh láidir sin gur sinne a chaithefeadh, oiread agus ab fhéidir linn, freastal ar an ngá seo a bhí le suirbhé. Ní dóigh linn go bhfuil a leithéid déanta go cuimsitheach i gcás aon ghluaiseachtaí polaitiúla, cultúrtha, ná sóisialta eile in Éirinn: an ceardchumannachas, sairse na mban, an comharchumannachas, Cogadh na Saoirse.... An bhéim seo againn ar cér dhíobh an duine, fágann sé blas 'Gaelach' ar an saothar, cé nár chuige sin é.

Mar mhodh roghnachais, agus chun a gceart a thabhairt do ghrúpaí éagsúla, bhí gá le bheith ionadaíoch. Féach, mar sin féin, nach bhfuil ach beirt bhan rialta againn agus tríúr Bráthar Críostaí. Is iad na feirmeoirí is líonmhaire sa tír ó thaobh slíthe beatha de – an bhfuil aon duine díobh againn? Rinneamar gach dícheall cur le líon na mban.

An raibh aon bhall den Gharda Síochána a thug seirbhís ar leith don Ghaeilge agus é i mbun oibre mar gharda? Nó an é an neamhaitheantas is dán don gharda, don státseirbhíseach, don bhean rialta, don Bhráthair Críostaí, agus, b'fhéidir, don bhean phósta? Agus i dtaobh mhuintir na Gaeltachta féin, an raibh ina measc laochra nach raibh a n-ainmneacha in airde lasmuigh dá ndúichí féin? Níor leor *Amárach*, *Ar Aghaidh* agus *An tUltach* ná *Béaloideas* féin mar chúnamh chun a leithéidí a aithint. Caibidil ar leith i stair na hathbheochana a bheadh sna múinteoirí náisiúnta sa Ghaeltacht a bhí ag déanamh a ndíchill i bhfad sular bunaíodh Conradh na Gaeilge. Dream iontach eile is ea na hoifigigh chustaim is máil. Bhí sagairt Chaitliceacha láidir go maith sa ghluaiseacht, agus tá tuairim seisear sagart Protastúnacha againn.

Ceist a éiríonn go nádúrtha sa suirbhé seo is ea: cé acu ar chainteoír dúchais Gaeilge, breac-chainteoír, nó foghlaiméoir duine? Bhí cúrsaí teanga chomh casta sin agus bhí daoine chomh mothálach sin, faoi mar a bhí muintir na tuaithe riamh i dtaobh an ghorta, más fíor, gur dheacair teacht ar an lomfhírinne go minic. Bhí níos mó ná aon chineál amháin cainteora dúchais ann. Arbh í an Ghaeilge an chéad teanga aige? Arbh í gnáth-theanga an teaghlaigh í? Bhí an teanga ag cuid mhór daoine óna n-óige agus níor chuimhin leo an t-am nach raibh sí acu ach níorbh í a gcéad teanga í. Bhí daoine eile ar ceileadh d'aon ghnó orthu í agus shílfeá gur díbhíreí a bhí siad sin á foghlaim. Ó 1860 amach, agus le linn don chuid is mó de cheannasaithe an Chonartha bheith á saolú, bhí ag géarú ar mheath na Gaeilge, sa Mhumhain go háirithe. Cabhair sna cúrsaí seo is ea Daonáirimh 1901 agus 1911. Níl puinn amhrais ann nuair a dhearbhaítear gur Gaeilge amháin a bhí ag duine de na tuismitheoirí nó ag an mbeirt acu. Ní hannamh an seandúine monaglotach i dteach. I mbliain 1901 bhí an scéalaí Diarmuid Mac Coitir scór bliain d'aois. In aontíos leis bhí a athair a rugadh in 1841, a sheanmháthair a rugadh in 1815, agus a sheanuncail (1827), nach raibh acu ach Gaeilge amháin. I gcás scríbhneoirí agus aistritheoirí bhainfeadh tábhacht nach beag leis an ngné seo den suirbhé in aon staidéar sanasaíochta nó foclóireachta, dá n-éireadh linn déileáil go maith leis.

Gan amhras bhí nithe eile ann a raibh gá leo: leabharliostú, beathaí na scoláirí móra Gaeilge a rugadh taobh amuigh d'Éirinn; beathaí na ndaoine gan Ghaeilge a chaith a ndúthracht le cúis na teanga; i gcás na ndaoine ab aitheantúla, eolas ar a raibh i gcló ina dtaobh, idir leabhair, aistí agus thaifid eile.

Chuireamar romhainn go léifimis gach aon iris Ghaeilge ó thús deireadh, agus mórán irisí Béarla, ó 1882 ar aghaidh, gach beathais-

néis i nGaeilge agus i mBéarla ar dhóigh eolas a bheith iontu, gach leabhar ar stair na tréimhse, na litríochta, na hamharclannaíochta. Ní dhearnamar faillí sa stair áitiúil ná sa stair dheoiseach ná i leabhair ar na gairmeacha éagsúla beatha. Is fíor an seanfhocal gur fánach an áit a bhfaighfeá gliomach. An t-ainm D. L. Faherty a bheith in Eolaí an Teileafóin go fóill, deich mbliana i ndiaidh bhás an duine sin, a thug go bhfuairamar amach cérbh í máthair Dhomhnaill Uí Fhothartha (c. 1834-1919). Bhí mac Ghruagach an Tobair (1864-1955) chomh haosta sin nár chuimhin leis ainm ná sloinne a sheanmháthar. Chuir Eddie Bracken, duine de chomharbaí an Ghruagaigh i scoil an Ghleanna Ghairbh, ceist ar na gasúir sa chúigiú agus sa séú rang agus rug scata beag an freagra leo óna muintir, gurbh í Catherine Harrington (Bán) í. In 1848 a pósadh í agus is fianaise é ar a mharthanaí go fóill i 1984 a bhí cuimhne an phobail tuaithe.

Difríocht eile idir a bhfuil ar bun againne agus an gnáthfhoclóir beathaisnéise is ea go bhfuil an mhuintir a rabhamar ag déileáil leo gaolmhar le chéile. B'fhéidir a rá gurb aon mhuintir amháin iad. Na rudaí céanna a bhí á spreagadh. Bhí aithne acu ar a chéile. Bhídís ag foghlaim óna chéile. Casadh Conraitheoirí orthu a chuir cor ina saol. Mhúin duine díobh an teanga do dhuine eile díobh. Is gnách linn ceist a chur chun teacht ar an gcineál seo eolais. I bhfad i ndiaidh dúinn píosa a scríobh faoi Liam Ó Maolruanaí fuairamar amach gurbh é Pádraig Mac an Fhailghe ó Bhalla, Co. Mhaigh Eo, a mhúin Gaeilge dó. Míníonn sin cén fáth a mbíodh tarraingt Uí Mhaolruanaí ar Mhaigh Eo. Tá an píosa seo ag Tim Pat Coogan i dtaobh de Valera: 'It was, however, a friendship ... with Michael Smithwick, a former Blackrock student ... that most influenced his future career. Smithwick encouraged him to play rugby, to study mathematics, and, most importantly, to learn the Irish language. In this capacity Smithwick was thus ultimately instrumental in both de Valera's meeting the woman he would marry, Sinéad Flanagan, and in his decision to become a revolutionary'. Ba é Smidic a mhol dó freastal ar Choláiste Laighean, mar ar casadh Sinéad air. Chreid a mhuintir gur i gcomhlúadar a sheandalta Dev ag cluiche rugbaí a fuair sé bás. Ach ní fíor, is oth linn a rá. Ba é Liam Soirtéal a mhúin Gaeilge do Sheán T. Ó Ceallaigh, agus ba é a chabhraigh agus a scríobh síos na leabhair a leagtar ar an scéalaí Micheál Mac Ruairí agus a bhí chomhpháirteach leis an mBráthair Mac Giolla Phádraig in *Graiméar na Gaeilge*. Dhéantaí iontas i dtaobh a fheabhas a d'fhoghlaim sé an teanga. Bhí an baitsiléir meánaosta seo ó Bhaile Átha Cliath amuigh sa troid i 1916. Ach is i ndorchadas an Stella i Ráth Maonais i mbliain 1938 a d'fhulaing sé créachta a bháis. Bhí an

pictiúr tosaithe nuair a shiúil sé isteach gur bhris a chos agus a ghlún. Níl a fhios ag éinne againn cá bhfuil fód a bháis.

Gnéithe eile a ghabhann le suirbhé is ea an bhaint a bhí ag lucht na Gaeilge i gcoitinne leis an bpolaitíocht réabhlóideach, leis an IRB, le comharchumannachas agus ceardchumannachas, le gluaiseacht na mban.... Go pointe áirithe b'fhéidir a rá gurbh éadach gan uaim ballraíocht na ngluaiseachtaí seo. Deirtear gur measa a scoilt-eadh gluaiseacht na Gaeilge mar gheall ar an gConradh Angla-Éireannach ná aon ghluaiseacht eile díobh, má fhágaimid Sinn Féin as an gcomhaireamh. Tá trí ghlún de chlann nótaílte san imleabhar deiridh: Sean-Diarmuid Ó hEigeartaigh a rugadh i mbliain 1856, a mhac Diarmuid a bhí ar dhuine de phríomhriarthóirí ghluaiseacht na saoirse i ndiaidh 1916, agus a gharmhac Colmán Ó hUallacháin. Istigh i lár scéal na clainne sin tagann tromluí an Chogaidh Chathartha.

I ngnóthaí beathaisnéise is iad na fadhbanna aitheantais an chuid is inspéise. Cuimhnímid go háirithe ar Cholm Ó Murchú (Clement Murphy) ar Fhionán Mac Cárthaigh (William Carty) agus an dua a fuair leo agus an mothú caithréimeach nuair a d'aimsíomar iad ar deireadh thiar. Mínic go leor shílfeá gur bhealach éalaithe ón saol ab ea an t-iompú chun Gaelachais. Shíl a dhlúthchairde go mba Chiarraíoch Ó Murchú. Ach jeaicín ba ea é. Rinne Ciarán Ó Duibhín obair bhleachtaireachta den scoth tamall ó shin nuair a thaispeáin sé in *An tUltach* gurbh aon duine amháin Hugh MacMillan agus Aoidhmín Mac Gréagóir, an té a scríobh *Sgéaltan Reachrainn*. Go bráth ní éireodh linne an fhadhb aitheantais sin a réiteach. I gcás Fhionáin Mhic Cárthaigh ba é an scoláire Gregory Burns san Astráil a chuir ar ár súile dúinn gur fhoilsigh sé, faoin ainm William Carty, leaganacha Béarla de dhánta atá in *Amhráin ó Dheireadh an Domhain*. B'in í an eochair a bhí uainn. Cé a thomhaisfeadh gur Spenser ba shloinne do Ghearóid Mac Spealáin ar dtús, ná gur Crookes is ea Mac Crócaigh? Níor rith sé riamh linn nár John Kissane ach John Cashman an Seán Ó Ciosáin a d'aistrigh *The Vicar of Wakefield*. Ach rud is measa ná an bréagríocht is ea an sloinne coitianta atá nasctha le hainm gnách, an Tadhg Ó Murchú, nó an Jeremiah Sullivan nó an James Hayes. Fadhb eile is ea gur faoina n-ainmneacha crábhaidh is fearr aithne ar shagairt sna hoird. Liam a bhí ar Cholmán Ó hUallacháin toisc gur rugadh é an lá a maraíodh Liam Ó Maoilíosa. Albert James a baisteadh ar Chainneach Ó Maonaigh agus Seoirse ab ainm don scoláire Proinsiasach eile, Pádraig Ó Súilleabháin. Sórt diúltú don indibhid is ea na hainmneacha crábhaidh, iarracht, shílfeá uaireanta, ar ar tharla don duine

go nuige sin a lígean i ndearmad. Ní raibh a fhios ag na Bráithre Críostaí féin céir dhíobh Ieróm Mac Giolla Phádraig, an fear a scríobh *Aids to Irish composition*. Ní héagsúil ar fad an rud a thiteadh amach don bhean phósta. Mura bhfuil a fhios agat cé a phós sí ní éireoidh leat fiú a dáta báis a aimsiú.

Fadhb eile ba ea fathaigh mhóra na Gaeilge. B'fhéidir cúpla scór díobh a bheith ann: an Píarsach, Mac Néill, Ó Cadhain, de Brún, Ó Conaire, Ó Corcora, Ó Grianna, Ó Gramhnaigh, Ó Muireadhaigh, Bergin, Ó Duinnín, an Blaghdach, Ó Ríordáin, Ó Criomhthain, Ó Rathaile, Ó Duilearga, Ó Tuairisc, Sayers, Sean T. Ó Ceallaigh, Cearbhall Ó Dálaigh, Willie Rooney, an tAthair Peadar, an tAthair Ó Flannagáin, Sceilg, An Seabhac, de hÍde ... níl ansin ach a leath. Dúirt Máire Mhac an tSaoi nár éirigh linn pearsa Phádraig de Brún a thabhairt os comhair léitheoirí. Tuigimid cad a bhí i gceist aici. Bhí Pilib Ó Laoghaire míshásta san *Irish Literary Supplement* lenár gcuntas ar Phádraic Ó Conaire. Sa chás áirithe sin léigh Pádraigín Riggs, beathaisnéisí Uí Chonaire, dréacht a chuireamar chuici ar eagla nach mbeadh an t-eolas suas chun dáta. I gcás na ndaoine móra sin go léir ní raibh de chuspóirí againn ach cuntas ghairide iontaofa a scríobh ar chúrsaí a saoil – rud atá deacair go maith, d'éirigh leo an oiread sin a chur i gcrích – eolas bibleagrafaíoch a sholáthar, agus an buneolas pearsanta a bheith iomlán agus cruinn. Bheadh an saothar easnamhach amach is amach gan na fathaigh seo. Ach ba shásúla linn go mór bheith ag taighde faoi dhaoine atá dearmadta agus faoi dhaoine nach bhfuil aon chuntais le fáil orthu. Má tá féith chruthaitheach ionainn tá sé le feiceáil sna cuntais ar leithéidí McSherry Gordon, an tUrramach Pádraig Ó Súilleabháin, Aindrias Ó Marcaigh, Walter Cole, Risteard Mac Crócaigh... Cúnamh don tsamhlaíocht agus don scríbhneoireacht is ea easpa eolais. Máchail gan amhras is ea iomarca fíricí i mbeagán spáis. Agus ní deacair a shamhlú gur constaicí sa tslí ar an léitheoir is ea aithne mhaith a bheith aige féin ar an duine atá faoi thrácht – agus an t-ardmheas, nó go deimhin an tarcaisne, a leanann an aithne. Ní bhíonn sé furasta an léitheoir sin a shásamh. Dúirt Corcaíoch léannta linn gur mhéadaigh *Beathaisnéis a Dó* ar an easpa muiníne atá aige as beathaisnéisí. Comharsa ab ea é le duine dár laochra. Nuair a bhí sé féin ina pháiste thugadh sé an duine seo faoi ndeara gach maidin ag goid silíní ón gcrann a bhí acu. Dúirt sé, idir shúgradh agus dáiríre, aon chuntas nach bhfuil an pictiúr sin den seanduine ann go bhfuil sé uireasach!

Sa réamhrá atá againn leis an gcéad imleabhar samhlaímid an cnuasach beathaí sin le seanreilig a mbeadh falla timpeall uirthi, ina mbeadh le hais a chéile an talmhaí agus an tiarna talún, fear na

tuaithe agus jeaicín Bhaile Atha Cliath, file óg réabhlóideach na seascaidí agus an file a bhí comhaimsearach le Raiftearaí, an sóisialach agus an faisisteach, an Caitliceach, an Protastúnach, fear na Gaeltachta agus fear na Galltachta, an scoláire agus an fear cúise, iad go léir ag seanchas le chéile i gcré na cille. Chuirfimis in éineacht leo anois an sagart buile, an teifeach ón saol, an *snob*, an bodhránaí, an saofóir clóiséid, an feiminí mánla misniúil, agus fiche cineál eile.

Déanaimid amach gur thug tuairim 600 duine cabhair dúinn. Nuair a bhíomar ag tosú ar an obair thug fear i gCo. Mhaigh Eo cúnamh dúinn sa taighde i dtaobh Mhichíl Uí Thiománaí. Teileafónaí ab ea é sula raibh an córas uathoibreach i réim. Tharla spéis aige sa stair áitiúil, ní bheadh sé sásta gan glaoch orainn anois is arís ag tairiscint cúnaimh. Dhéanadh sé glaonna ar mháistreásaí poist agus bhí an t-eolas aige dúinn i gceann deich nóiméad. Bhí múinteoir eolach sa chontae céanna a bhailigh an t-eolas ar fad i dtaobh seisir dár gcuspáí. Múinteoir eile i nDún na nGall, bhí an-chur amach aige ar scríbhneoirí an chontae agus níor mhaith leis go bhfágfaimis ar lár aon Chonallach nótaílte. Gan trácht in aon chor thar ghaolta agus lucht aitheantais na marbh, bhí cúntóirí eile gan áireamh againn ar fud na hÉireann, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil. Líon an saothar seo ár saol agus ní i gcartlanna amháin ná i leabharlanna ná i mbun ár ríomhairí ná i gcomhráite fada Teileafóin a rinneamar obair thaighde ach i gcistineacha tuaithe, agus i dtithe tábhairne. Thar aon bhail eile, maireann cuimhne againn ar reiligi móra agus beaga in áiteanna aistreánacha, agus chomh fada ó bhaile le Springfield, Mass., agus leis an Oileán Sgitheanach. Ní hannamh trácht ag scríbhneoirí an 19ú haois ar ábhar a shábháil ón ‘longbhriseadh’ cultúrtha. Cé nach slán an comórtas é, ritheadh an meafar céanna sin linn féin agus sinn i mbun ár saothair.

Ní thiocfadh 1882-1982 *Beathaisnéis* ar an saol ar chor ar bith murach páirtíocht. B’fhéidir míorúilt a thabhairt ar chomhar liteartha ar bith. Is rud fíorannamh é. Inár gcásna ba é an taithí a bhí ag an mbeirt againn ar a chéile i Radio Telefís Éireann a chuir bonn láidir faoi. Nuair a d’éirigh Diarmuid as a phost sa bhliain 1987, ocht mbliana go leith sular ghá dó é, ba é an rud is mó a bhí ina aigne am a bheith aige chun luí isteach ar an obair ba ghaire dá chroí. Tugadh deis do Mháire a shampla a leanúint dhá bhliain ina dhiaidh sin. Ach níor leor beirt, agus ní mór an tríú páirtí a lua, ár gcara, ár n-eagarthóir agus ár bhfoilsitheoir, an Dochtúir Stiofán Ó hAnnracháin.

Deir daoine go minic linn gur bhreá leo na beathaí go léir a bheith le chéile in aon imleabhar amháin. Cén fáth nár bheartaíomar sin an

chéad lá ? Dar linn nach n-éireodh a leithéid linn. Chaillfimis misneach sula mbeadh leath na hoibre déanta. Agus samhlaigh na céadta comhad ag ramhrú leo ar feadh seacht mbliana déag. Ina áit sin, an fháilte a chuirí roimh gach aon imleabhar beag, mhisníodh sé sinn chun leanúint orainn ag treabhadh. Thug an modh táirgthe a bhí againn deis do léitheoirí agus do léirmheastóirí ceartúcháin, aguisíní agus moltaí a sholáthar. Printíseacht ar fad ba ea an dá imleabhar tosaigh agus níor mhiste linn díriú arís ar chuid de na cuspaí atá iontu. Faoina bheith slán dúinn, cá bhfios nach dtabharfaimis go fóill faoin aon imleabhar mór úd agus go dtabharfadh sé an deis sin dúinn, agus an deis chun na ceartúcháin agus na hagusíní a fhí isteach sna cuntais, agus chun bearnaí a líonadh.

Má bheartaítear a leithéid is é ba mhian linn nach mbeidh ann ach beathaí 1882-1982 amháin. Cad chuige, mar sin, *1782-1881 Beathaisnéis*, a foilsíodh sa bhliain 2000, agus an 7ú himleabhar (1560-1781) atá á réiteach againn? Cuid de na daoine ar cheart bheith istigh a thabhairt dóibh sa bhunsaothar sin, d'éag siad roimh 1882. B'fhéidir a mhaíomh freisin gur dheacair beathaí 1882-1982 a mhíniú go lánsásúil gan tagairt do dhaoine a mhair i bhfad rompu. Agus i ndeireadh báire is mar fhiontar seirbhíse a bheartaíomar an bunsaothar. B'in é ár dtaithí leabharlannaíochta, seirbhís a thabhairt; bhí sé deacair éirí as an gcleachtadh sin go ró-obann! Ar a laghad ar bith, tugann na forlíonta deis dúinn leanúint d'obair na gceartúcháin, na n-aguisíní agus na mbearnaí a líonadh. Níor mhaith linn a bheith leathscéalach faoi na forlíonta – bhraitheamar gá a bheith leo – ach, murab ionann agus an taighde ilchineálach ba ghá sa bhunsaothar, is ar obair scríofa iliomad scoláirí atá cuntais 1560-1881 bunaithe go príomha.

Ar feadh breis is fiche bliain bhí an fiontar seo ag líonadh ár saoil. Is beag maidin nár chaitheamar tamall maith ag leagadh amach cláir oibre don lá. Eachtra laethúil ba ea seachadadh an phoist. Oideachas leanúnach an rud ar fad. D'fhoghlaimíomar go leor i dtaobh na hÉireann. Ba iad ár gceisteanna a spreag daoine anseo is ansiúd le spéis a chur ina ngaolta den chéad uair. Chuireamar aithne ar sheandaoine grámhara agus nuair a bhí gach pioc dá gcuimhní smogtha againn bhí dfomá orainne agus orthusan go raibh deireadh i ndán don chaidreamh. An bhfuil sé iomarcach a mhaíomh gur sórt áirithe portráide den Athbheochan is ea na 720 beatha seo agus gur pictiúr ar leith den náisiún is ea an cnuasach? Ceist eile: cé a bheidh sásta leanúint d'obair na beathaisnéise? Ó 1983 go dtí an lá atá inniu ann d'éag tuairim dhá chéad duine de mhuintir na hathbheochana, fathaigh ina measc, arbh fhiú iad go gcuirí cloch ina leacht.